

# BITHIÚNAIGH

PEADAR Ó CUALÁIN



An Chéad Eagrán 2012

© Leabhar Breac 2012

ISBN 0 898332 71 1

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur, dearadh agus clúdach: Caomhán Ó Scolaí  
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan

*Scríobhadh an leabhar seo faoi Scéim na gCoimisiún,  
Clár na Leabhar Gaeilge*



Foras na Gaeilge

*Tugann Foras na Gaeilge  
tacaíocht airgid do Leabhar Breac*



*Tugann an Chomhairle Ealaíon  
tacaíocht airgid do Leabhar Breac*

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.  
[www.leabharbreac.com](http://www.leabharbreac.com)

## CLÁR

1.	Na Duilleoga Dóite	7
2.	Beartla B	18
3.	Oíche sa Choill	25
4.	Arracht an Droichid	32
5.	Bolg Folamh agus Bróga Caite	46
6.	Máistir an Ghleanna	53
7.	An Searbhán	59
8.	An Phluais faoi Loch na Péiste	67
9.	Féasta na mBithiúnach	81
10.	Éinín Ollphéiste	88



AN CHÉAD CHAIBIDIL

# NA DUILLEOGA DÓITE

**N**UAIR A THÁINIG sé ann ar dtús bhí an crann faoi dhuilliúr, agus bhí sé réasúnta cinnte nach raibh aon duine eile ann. Bhí an ghrian ag ísliú san iarthar, agus suan ag teacht air tar éis lá mór fada a chaitheamh ag lorgaireacht. Shín sé é féin siar chun a scíth a ligean ar an gcaonach deas bog faoi scáth an chrainn fhuinseoige agus ba ghearr go raibh sé ina chodladh, ina chodladh chomh sámh sin nár airigh sé an choisíocht ar an gcosán thíos faoi bhun an chnoic.

Dhá dhuine dhéag a bhí ag teacht an bhealaigh. Beirt chun tosaigh, iad ag teacht de rith ciúin coséadrom

anuas an cosán le taobh na coille. Fir bheaga láidre a bhí iontu, cótaí leathair gan mhuinchillí orthu, a gcuid gruaige ceangailte ar chúl, scian ghéar ag duine amháin, agus claíomh gearr ina thruaill ag an dara fear. Sheas an dara fear ag smúrthaíl ar cholbha an chosáin, mar a bheadh cú ar lorg creiche ann. Thug sé súil siar thar bhalla mór na coille agus soir i dtreo an chrainn fhuinseoige. Ansin d'imigh sé leis de rith i ndiaidh a chomrádaí. Thart ar leathchéad slat taobh thiar díobh, tháinig an deichniúr eile de shiúl tréan tomhaiste ina ndiaidh. Bhí an éide chéanna orthu sin ach go raibh málaí taistil ar a nguailí, agus muscaed ar iompar ag cuid acu agus claíomh nó scian ina gcrios. Ar theacht gar don chrann dóibh, sheas an chéad fhear — fear féasógach a raibh hata tríbheannach air — agus chroch sé a lámh i gcomhartha dóibh. Sheas an naonúr eile gan cheist. Thug fear an hata ordú eile agus dhreap duine de na fir an cnoc gur tháinig chomh fada leis an gcrann fuinseoige, agus sheas ansin ag breathnú uaidh ar gach taobh de. Bhí an ghrian tite faoi chrainn na coille thiar agus an lá ag dul ó sholas.

‘Tada anseo,’ a bhéic sé, agus, gan an fearín beag a fheiceáil sínte sa chaonach lena ais, chas sé ar a chois agus dheifrigh ar ais síos le fána an chnoic. D'imigh an

deichniúr leo de shiúl sciobtha síos an cosán gur imíodar as amharc faoi scáth na gcrann.

Bhí an ghrian go hard sa spéir an mhaidin dár gcionn sular chorraigh an fear beag as a chodladh. Thit duilleog den chrann. Thit duilleog i ndiaidh duilleoige anuas air agus é sínte amach ar an gcaonach bog glas a bhí ag fás idir na préamhacha móra fuinseoige. Ar deireadh thit duilleog bheag anuas ar a shrón. D’oscail sé súil amháin agus scuab an duilleog dá shrón lena lámh. Dhún sé a shúil arís, ach níor fhéad sé codladh. In aice leis in áit éigin bhí duine éigin ag srannadh. Scuab sé an carn duilleog donn is buí dá chóta mór dubh a bhí leata os a chionn aige, agus shuigh aníos. Thart timpeall air bhí an talamh ar fad faoi bhrat feoite duilleog. Bhreathnaigh an Lorgaire in airde sa chrann — mar sin é an t-ainm a thugann sé air féin, an Lorgaire — agus thug sé faoi deara chomh lom is a bhí na géaga os a chionn.

‘Ní thuigim é,’ ar sé os ard. ‘Duilleoga ag titim de chrann i lár an tsamhraidh!’

Sheas sé suas. Cé gur fear beag a bhí sa Lorgaire bhí smaointe móra aige. Mar a deireadh sé le duine ar bith a d’éisteadh leis, agus mar a bhí sé ag rá leis féin ag

an bpointe sin, lorgaire a bhí ann — duine a théann ar lorg rudaí. Go deimhin, lorgaire mór a bhí ann — duine a théann ar lorg rudaí móra. Chrom sé agus chuardaigh sé i measc na nduilleog gur aimsigh sé a hata, hata ard dubh a raibh bileog leathan air — mar a bheadh ar lorgaire, a deireadh sé leis féin — agus tharraing anuas thar a bhaitis é. Sheas sé ar a bharraicíní ansin agus shín sé a lámh in airde le breith ar cheann de na duilleoga a bhí fós fanta ar ghéag íochtarach an chrainn, ach níor fhéad sé breith uirthi. Bhí sí ró-ard — nó bhí an Lorgaire Mór róbheag! Go héadóchasach shuigh sé síos arís.

Ligeadh gnúsacht mhór in aice leis agus chuimhnigh sé ar an srannaire arís. Ar an taobh eile den chrann, ag gobadh aníos as na duilleoga, chonaic sé bolg mór a bhí ag éirí is ag titim le gach séideán mór anála. Nuair a tháinig an Lorgaire chomh fada leis an mbolg mór scuab sé de na duilleoga a bhí carntha os a chionn agus nocht buachaill mór ceithre nó cúig bliana déag (bliain nó dhó níos sine ná é féin), aghaidh ramhar phlucach air agus a lámha is a chosa móra leathana sínte amach go sásta aige. Bhí dóthain den srannadh cloiste ag an Lorgaire.

‘Cé thú féin?’ ar sé leis an mbuachaill mór.

Chuimil an buachaill mór a shúile agus thug féachaint ina thimpeall.

Thóg an Lorgaire tiachóg chaite leathair as póca a chóta, roghnaigh sé cárta, agus shín sé amach é go bhfeicfeadh an buachaill é. Ar fhaitíos nach raibh sé ar a chumas é a léamh, léigh an Lorgaire dó é: *Lorcán L. Ó Longadáin, Lorgaire Mór: Eachtraí Iontacha agus Gníomhartha Geala Gaisce*. Thaitin focail mhóra leis an Lorgaire.

D'ardaigh an buachaill a cheann agus thug féachaint chodlatach ar an bhfear beag, agus ansin ar a chárta. Bhí tuirse fós air. Shín sé a chloigeann siar arís, agus dhún sé a shúile.

'Mac Giolla,' ar sé.

Leis sin, thit duilleog mhór dhubh go mall tríd an aer. Rug an Lorgaire uirthi agus scrúdaigh sé í. Bhí cuma dhóite uirthi. Thug sé súil in airde ar an spéir. Ní raibh oiread is puth ghaoithe ann. D'iompaigh sé soir i dtreo dhíonta is shimléir an bhaile bhig i bhfad uaidh. Bhí sé ciúin síochánta. Bhreathnaigh sé siar. Bhí an choill, mar a bhíonn gach coill i séasúr an tsamhraidh, faoi bharr glas duilleog, agus í ag síneadh siar go dtí na sléibhte dorcha faoi bhun na spéire. Bhí gach rud mar ba chóir. Gach rud, cé is moite den aon chrann amháin lom geimhriúil seo a bhí tar éis a chuid duilleog a ligean uaidh go neamhshéasúrach.



Tá sé seo ar fad an-aisteach, ar sé leis féin. Bhreathnaigh sé ina thimpeall arís, agus chuir sé cluas air féin. Thuig sé ansin céard a bhí mícheart. Ní raibh tada le cloisteáil. Tada, cé is moite de shrannadh Mhic Giolla Mhóir — bhí sé socraithe ag an Lorgaire nach ndéanfadh Mac Giolla cúis ar chor ar bith, agus gur theastaigh cúntóir MÓR ó Lorgaire MÓR. Mar sin is Mac Giolla Mór a thabharfadh sé air. Rud úsáideach a bheadh i gcúntóir mór, ar sé leis féin. D’fhéadfadh sé glas ar dhoras a bhriseadh dó. D’fhéadfadh sé scanradh a chur ar bhithiúnaigh. D’fhéadfadh sé mála mór trom a iompar dó. Nó d’fhéadfadh sé a lámh a shíneadh in airde agus breith ar dhuilleog i gcrann! Bhreathnaigh sé siar arís i dtreo na coille agus chuimhnigh sé ar an bplód dubh caróg a bhí ag eitilt os cionn na gcrann an mhaidin sin. Ní raibh oiread is éan amháin anois ann. Bhí rud éigin bunoscionn. Bhí sé in am a chúntóir nua a dhúiseacht — bhí sé socraithe anois ina intinn aige gurbh é seo a chúntóir — cé nach raibh sé cinnte cé acu arbh é a chúntóir lorgaireachta a bhí ann nó a lorgaire cúnata, ach bhí a fhios aige go raibh sé in am acu a dhul ag lorgaireacht!

‘Éirigh,’ ar sé leis an gcarn mór duilleog faoi bhun an chrainn. Níor chorraigh Mac Giolla Mór. ‘Tá nithe

móra ag titim amach. Tá eachtraí agus iontais an tsaoil ag fanacht linn, agus bóthar mór fada amach romhainn.’

Lig Mac Giolla Mór geoin as. ‘Éist liom,’ ar sé go cantalach. ‘Tá tuirse orm ... agus ocras.’

Nuair a chuala an Lorgaire an méid sin rinne sé a mhachnamh sular labhair sé arís. ‘Tá obair agam duit,’ ar sé. ‘Más maith leat, pléifidh muid é tar éis bricfeasta.’

Agus cé go raibh sé amach thar bholg an lae, i bhfad ródheireanach do bhricfeasta, shuigh Mac Giolla Mór aníos. Ba chuma leis faoi sin anois, ba mheasa an t-ocras ná an tuirse. ‘Bricfeasta?’ ar sé.

‘Go díreach é,’ arsa an Lorgaire. ‘Caithfidh bricfeasta a lorg sa choill sin thiar.’

D’éirigh Mac Giolla Mór go mall drogallach, agus scuab sé na duilleoga a bhí greamaithe de.

‘Tá tú ard,’ a dúirt an Lorgaire. ‘Cén airde thú?’

Chroith Mac Giolla Mór a ghuailí. Ní fear mór uimhreacha a bhí ann.

‘Croch do lámh go bhfeicfidh mé,’ a dúirt an Lorgaire. ‘Cuirfidh mé geall nach bhfuil tú in ann breith ar an duilleog sin os do chionn.’

Gan seasamh ar a bharracíní, bhain Mac Giolla Mór an duilleog den ghéag agus shín sé chuig an Lorgaire é.

‘Mar a shíl mé,’ a dúirt an Lorgaire os ard leis féin.

Bhí an duilleog dóite. ‘Is dóigh go bhfuil sé in am bricfeasta.’

Ansin d’imigh sé leis go coséadrom i dtreo na coille agus Mac Giolla Mór á leanúint go héiginnte.

Nuair a tháinig an Lorgaire chomh fada leis na crainn stop sé. Thart timpeall ar an gcoill bhí seanbhalla ard cloiche. Scrúdaigh an Lorgaire an balla. Bhí sé ró-ard le dreapadh, a mheas sé. Nuair a sheas sé siar chonaic sé, níos faide ó dheas, go raibh geata mór ard sa bhalla. Bhí barraí móra iarainn sa gheata agus gob géar ar a mbarr. Chuaigh sé chomh fada leis an ngeata agus rinne sé iarracht é a oscailt. Bhí sé dúnta. Trí bharraí iarainn an gheata bhí an Lorgaire in ann bolta mór meirgeach a fheiceáil ar an taobh istigh. Shín sé a lámh isteach trí na barraí agus, lena mhéara, thriail sé an bolta a aimsiú ach ní raibh sé in ann é a shroistint.

‘Ní féidir an geata a oscailt ón taobh seo,’ ar sé leis féin, ‘ach b’fhéidir go mbeinn in ann an balla a dhreapadh.’ D’ardaigh sé a ghlór nuair a chonaic sé Mac Giolla Mór ag teacht chomh fada leis. ‘Agus ansin,’ ar sé, ‘íosfaimid bricfeasta.’

Thug Mac Giolla Mór féachaint inmíoch ar an mballa. ‘Ní bheidh mise in ann é sin a dhreapadh go deo.’

‘Fiú dá mbeadh bricfeasta ag fanacht leat ar an taobh eile?’

‘Fiú dá mbeadh bricfeasta ag fanacht liom ar an taobh eile.’

Dhírigh an Lorgaire a mhéar ar pholl beag faoin mballa. ‘Breathnaigh,’ ar sé.

Chrom Mac Giolla Mór go bhfeicfeadh sé céard a bhí sa pholl. Ní fhaca sé ann ach ciaróg mhór ramhar. Cuirim geall nach bhfuil ocras air sin, a dúirt sé leis féin. Leis sin, léim an Lorgaire in airde ar dhroim Mhic Giolla Mhóir, agus dhreap sé in airde ar an mballa. Dhírigh Mac Giolla Mór aníos go sciobtha agus iontas air. Ansin, nuair a chonaic sé an Lorgaire suite suas ar an mballa thuig sé an scéal agus bhagair sé a dhorn air go feargach.

‘Fan go mbéarfaidh mise ort, a phriompalláin,’ ar sé. ‘Casfaidh mé an cloigeann ort!’

Ach bhí Mac Giolla Mór rómhall. Bhí an Lorgaire tar éis breith ar ghéag crainn agus sleamhnú anuas go héasca ar an taobh eile den bhalla. Bhreathnaigh an Lorgaire ina thimpeall. Mheas sé go raibh cuma ghruama dhorcha ar an gcoill. Bhí sé ciúin, róchiúin. Bheadh sé níos sábháilte dá mbeadh a chúntóir mór lena thaobh. Dheifrigh sé go dtí an geata chun Mac

Giolla Mór a ligean isteach. Ansin, san fhéar faoin ngeata, chonaic sé sú talún ag fás. Ceann amháin a chonaic sé ar dtús, ansin ceann eile is ceann eile. Bhí siad mór agus dearg. Go sciobtha, gan fhios do Mhac Giolla Mór, chrom sé agus phioc sé na sútha talún, á gcur síos ina phóca.

Taobh amuigh den bhalla bhí Mac Giolla Mór fós le buile. Bhí sé ag brath ar imeacht agus an Lorgaire a fhágáil ina dhiaidh ach, nuair a chuimhnigh sé ar an ocras a bhí air agus ar an mbricfeasta a bhí geallta ag an Lorgaire dó, shocraigh sé fanacht agus íde béil a thabhairt dó. Bhí sé ag cuimilt a lámh dá bholg mór folamh nuair a chuala sé an bolta á tharraingt siar go mall agus an geata á oscailt. Bhí an Lorgaire ina sheasamh sa gheata roimhe agus meangadh go cluas air. Cé gur cheap Mac Giolla Mór go raibh sé seo an-chliste ar fad ní raibh dearmad déanta aige fós ar an gcleas a d'imir an Lorgaire air. B'fhéidir gur duine é seo, a dúirt sé leis féin, a bheadh in ann bricfeasta a aimsiú dó nuair nach raibh ag éirí leis féin é sin a dhéanamh. Ar deireadh, ní dúirt sé focal, ach shiúil sé isteach an geata. Bhí sé níos dorcha sa choill ná mar a bhí taobh amuigh.

‘Ní fheicimse tada,’ ar sé.

Dhún siad an geata ina ndiaidh. Nuair a bhí a gcuid súl i gcleachtadh ar an dorchadas chonaic siad cosán beag cúng amach rompu. Síos an cosán leis an Lorgaire agus Mac Giolla Mór sna sála air. Chasadar siar agus soir ar an gcosán, dhreapadar thar chrainn mhóra a bhí tite rompu, agus chromadar faoi dhriseacha. Níor thugadar faoi deara an méid siúil a bhí déanta acu go bhfaca siad an ghrian trí ghéaga na gcrann agus í suite chomh híseal sa spéir go raibh sí ag scalladh sna súile orthu, agus iad ag bualadh faoi chrainn is ag titim thar phréamhacha. D'ísligh an ghrian as amharc ansin agus, tar éis scaithimh, chonaic siad solas amach rompu sa dorchadas.

‘Céard é sin?’ arsa Mac Giolla Mór. ‘Chaithfeadh sé go bhfuil daoine ina gcónaí anseo.’

Ach níor fhreagair an Lorgaire é. Bhí sé ag imeacht níos faide is níos faide isteach sa choill. Sheas Mac Giolla Mór go héiginnte gur chuala sé corraíl sna driseacha ar thaobh an chosáin, ansin ghluais sé go sciobtha i ndiaidh an Lorgaire.